Oide

Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta

EFG chun an tSonraíocht do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2027

San Eispéireas Foghlama Gairmiúla (EFG) seo, tacaítear le múinteoirí chun an tSonraíocht nua le haghaidh Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta a fhiosrú.
Beidh na rannpháirtithe ag obair go comhoibríoch chun:

- Na torthaí foghlama sa tsonraíocht Ríomheolaíochta a fhiosrú, ag díriú isteach ar chuir chuige teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá scoláirelárnach sa seomra ranga Ríomheolaíochta
- An gaol idir na torthaí foghlama agus na briathra gnímh sa tsonraíocht Ríomheolaíochta a fhiosrú agus chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leo teagasc, foghlaim agus measúnú a fheabhsú sa seomra ranga Ríomheolaíochta.
- Úsáid a bhaint as na háiseanna smaointeoireachta ríomhaireachtúla chun rochtain na scoláirí a fheabhsú sa seomra ranga Ríomheolaíochta
- Plé a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le punanna digiteacha na scoláirí a fhorbairt mar áis leanúnach chun taifead a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus chun í a thaispeáint, chun tacú le machnamh agus foghlaim fhéinthreoraithe, chun scileanna cumarsáide a fhorbairt, agus chun stór tuairiscí agus déantúsán ríomhaireachtúla a sholáthar a thacóidh leo chun a dTionscadal Obair Chúrsa a chur i gcrích
- Plé a dhéanamh ar an bpleanáil don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú i Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta

Dáta	Am	Suíomh
Dé Luain, an 11 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach
Dé Luain, an 11 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais na Gaillimhe
Dé Luain, an 11 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Laoise
Dé Máirt, an 12 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais na hUaimhe
Déardaoin, an 14 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Dhún na nGall
Déardaoin, an 14 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí
Dé Luain, an 18 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
Dé Luain, an 18 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Iarthar Chorcaí
Dé Máirt, an 19 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin
Dé Máirt, an 19 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Shligigh
Déardaoin, an 21 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Átha Luain
Déardaoin, an 21 Eanáir 2027	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh
Déardaoin, an 26 Eanáir 2027 (Gaeilge)	9:15 r.n. – 3:45 i.n.	Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Átha Luain

Ní féidir ach le bainistíocht na scoile áiteanna a chur in áirithe ar Shuíomh Clárúcháin Scoileanna Oide.

Déan an Cód MF a scanadh chun rochtain a dhéanamh ar Chlárúchán Oide.

Oide